

Oscailt oifigiúil Oifig an Choimisinéara Teanga

Sorcha Ní Mhonacháin:

‘Sí an tUachtarán Mary McAleese a cheap Seán Ó Cuirreáin ina Choimisinéir Teanga go hoifigiúil anuraidh. Bhí sé le ciall mar sin gurb í a dhéanfadh a Oifigí a oscailt ar an Spidéal inniu. Chuir páistí as Rang a dó as Scoil Éinne ar an Spidéal garda onóra ar fáil díthe fhéin agus dá fear chéile Martin. Dúirt an tUachtarán go bhfuil dearcadh dearfach ag formhór phobal na hÉireann don Ghaeilge. Tá daonra na tíre ag athrú fosta, a dúirt sí, faoi thionchar na gcultúr agus na náisiúntachtaí úra inimirceacha.

Mary McAleese, Uachtarán na hÉireann

Tá méadú suntasach tagtha ar líon na n-inimirceach inár measc. Tá na teangacha úra agus na cultúir nua ag saibhriú agus ag bláthú ár gcultúr fhéin.

Sorcha Ní Mhonacháin:

Dúirt sí go bhfuil sé do cheart ag an uile dhuine sa tír leas a bhaint as an Ghaeilge agus iad ag déileáil le hoifig ar bith sa Státchóras.

Seán Ó Cuirreáin:

Faoi lár na bliana seo chugainn beidh formhór mhór an Achta i bhfeidhm agus go leor do na scéimeannaí teanga aontaithe. An uair sin, sílim go mbeidh méadú ar obair na hoifige sin agus go mbeidh níos mó daoine ag gearáin faoi sheirbhísí mar beidh cearta i bhfad níos soiléire le fáil ag an pobal an uair sin.

Sorcha Ní Mhonacháin:

Bronnadh cuimhneachán ealaíne múnlaithe as píosa do dhair phortaigh a rinne an t-ealaíontóir Eric Byrne as Ceardlann an Spidéil ar an Uachtarán sular imigh sí.

Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4, sa Spidéal i gContae na Gaillimhe